Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**14868/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0256 (NLE)**

**TRANS 450**
**COWEB 165**
**ELARG 143**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompairle haghaidh 2025 a ghlacadh |

**CINNEADH (AE) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompairle haghaidh 2025 a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair[1] (TCT) a fhormheas thar ceann an Aontais trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(2) De bhun Airteagal 35 TCT, tá Coiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair ('an Coiste Stiúrtha') le buiséad an Chomhphobail Iompair a ghlacadh gach bliain. Ina theannta sin, le hAirteagal 35 TCT tugtar de chumhacht don Choiste Stiúrtha cinneadh a ghlacadh lena sonraítear an nós imeachta um chur chun feidhme an bhuiséid.

(3) Tá an Coiste Stiúrtha le cinneadh a ghlacadh maidir le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2025 ag an gcruinniú deireanach a bheidh aige in 2024.

(4) An buiséad atá beartaithe i gcomhair an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2025, tá gá leis chun go bhfeidhmeoidh comhlachtaí an Chomhphobail Iompair mar is cuí. Cumhdaítear leis na costais a bhaineann le hacmhainní daonna, taisteal, trealamh agus bogearraí TF, chomh maith le caiteachas oibríochtúil, mar atá staidéir, fothú acmhainneachta, cúnamh teicniúil agus eagrú comhdhálacha agus cruinnithe.

---

[1] IO L 278, 27.10.2017, lch. 3.

[2] Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1).

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha i ndáil leis an gcinneadh maidir le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2025 a ghlacadh a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh sin ina cheangal ar an Aontas, ar cinneadh é a bhfuil gá leis ar mhaithe le dea-fheidhmiú Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Choiste Stiúrtha a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2025 a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste sin atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*